




VACSÁIN  
COVID-19  
Comhairle  
Sláinte Poiblí

# Dún na nGall Ionad Vacsaínithe FnaSS Eolas don Phobal

An t-eolas is déanaí 16/07/2021



Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn  
Bóthar an Chalaidh, Leitir Ceanainn  
Contae Dhún na nGall  
F92 RW3F

# EOLAS FAOIN IONAD



Tá ionad vacsaínithe FSS do Leitir Ceanainn lonnaithe in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn. Cabhróidh an t-eolas seo leat ullmhú do do choinne vacsaínithe. Tá tuilleadh eolais le fáil ar [www.hse.ie](http://www.hse.ie)


## Láthair:

Leitir Ceanainn, Bóthar an Chalaigh, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall

Tá léarscáil ar fáil ag an nasc seo: <https://goo.gl/maps/6rvSSoARACwWgkmx8>



# ROIMH DO CHOINNE



- Gheobhaidh tú cuireadh chun do choinne trí theachtaireacht téacs (SMS)
- Beidh am, dáta agus láthair do choinne sa téacs
- Tabhair leat d'uimhir PSP agus d'aitheantas grianghraif (m.sh. pas, ceadúnas tiomána/Cárta Seirbhísí Poiblí). Ní bhfaighidh tú vacsaín gan chárta aitheantais
- Ba chóir duit éadach scaoilte nó léine le muinchillí gearra a chaitheamh toisc go dtabharfar an vacsaín duit in uachtar do láimhe
- Ná tar níos luaithe ná 10 nóiméad roimh do choinne agus fan i do charr go dtí 5 nóiméad roimh do choinne, ar mhaithe le bainistiú tráchta
- Caith éadaí atá feiliúnach don aimsir mar go bhféadfá a bheith i scuaine lasmuigh

# NUAIR A THAGANN TÚ ISTEACH



- Caith clúdach aghaidhe nuair a thagann tú isteach agus le linn do choinne
- Tar isteach chuig an ionad ón bpríomhbhealach isteach ar Bhóthar an Chladaigh
- Más ag tiomáint atá tú, treorófar thú chuig carrchlós
- Ar an mbealach isteach chuig an gcarrchlós, iarrfar d'ainm ort lena chinntiú go bhfuil coinne vacsaínithe agat
- Tá spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas ar fáil dóibh sin le ceadúnais
- Páirceáil do charr agus déan do bhealach go dtí an tslí isteach – comharthaí buí
- Má tá comradaí leat, ba cheart dóibh fanacht sa charr ach amháin i gcásanna eisceachtúla nuair is gá dóibh freastal ort

# LAISTIGH DEN IONAD



- Má tá scuaine ann, fan amach 2 mhéadar ó dhaoine eile
- Glan do lámha le díghalrán agus tú ag dul isteach sa bhfoirgneamh
- Nuair is leatsa dul isteach san fhoirgneamh, treofar thú chuig deasc fáiltithe
- Dearbhóidh an fhoireann do choinne, d'ainm, dáta breithe agus d'uimhir PSP
- Treorófar thú ansin chuig both ar a bhfuil uimhir chun do vacsaín a fháil
- Beidh vacsaíneoir ag fanacht leat taobh istigh den bhoth
- Cuirfidh an vacsaíneoir roinnt ceisteanna ort chun a dheimhniú go bhfuil tú i dteideal an vacsaín a fháil agus tabharfaidh sé/sí an vacsaín duit in uachtar do láimhe
- Tabharfar cárta vacsaínithe duit agus iarrfar ort suí in ionad breathnóireachta ar feadh 15 nóiméad
- Ba chóir duit an cárta vacsaínithe a choinneáil slán mar go mbeidh sé uait don dara coinne
- Tar éis 15 nóiméad is féidir leat an t-ionad breathnóireachta a fhágáil tríd an doras éalaithe ar thaobh an tseomra. Glan do lámha le díghalrán sula bhfágann tú
- Lean treoracha na foirne slándála chun an suíomh a fhágáil